M88
DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán de gach ceist toirmiscthe. | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |

Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas.

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**<u>Ceist 1</u>** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)**

1\.
MÉARCHLÁR AG TEASTÁIL.
GLAOIGH AR DARA
087-132435

2\.
BIALANN UÍ NÉILL
DÚN DEALGAN
*Biachlár den Scoth*

3\.
**Réamhaisnéis na hAimsire.**
**Gach oíche 7.25 p.m.**
**TG4**

4\.
**Ná páirceáil anseo!**
**Fág an spás seo don**
**Otharcharr**

5\.
*Craobh na Mumhan, Iomáint*
*Durlas Éile*
*28 Meitheamh 3.00 p.m.*

6\.
***"Slí na Sláinte"***
→
**Bí ag siúl**


7\.
*"An Giall"*
**Amharclann Na Mainistreach**
**8 p.m €15**


8\.
Siúinéir ag teastáil
Chun troscán tí a dhéanamh
Glaoigh ar 088-32987


9\.
**SIOPA POITIGÉARA**
AR OSCAILT 8 a.m.-7 p.m.


10\.
**"An Bradán Beo"**
Gach áis don Iascaire
Ar díol istigh


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **9** | |
| **10** | |






















**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

Oifig an Phríomhleabharlannaí
Sord
Fine Gall
Contae Átha Cliath.

18 Bealtaine 2005

Áine Ní Bhroin
23 Ascal na Mara
Mullach Íde
Co. Átha Cliath

A Áine, a chara,

Go raibh maith agat as dul faoi agallamh ar an 24ú Aibreán seo caite. Tá áthas orm a rá leat gur éirigh thar barr leat san agallamh. Freisin feicim go bhfuair tú torthaí maithe san Ardtesit 2004…Grád B sa Ghaeilge agus sa Bhéarla mar aon le grád A sa Stair. Tá tú an-oiriúnach don phost mar leabharlannaí cúnta.

Ba mhian liom post mar leabharlannaí cúnta a thairiscint duit. Beidh ort tosú i Leabharlann Bhaile Bhlainséir ar an 27ú Meitheamh. Déanfaidh tú traenáil ansin ar feadh bliana. Tar éis dhá bliain ansin beidh seans agat aistriú go dtí leabharlann eile sa chontae.

Má tá tú sásta glacadh leis an bpost seo scríobh ar ais chugam ag an seoladh thuas roimh an 9ú Meitheamh.

*Máire Ní Ghallchóir*
Príomhleabharlannaí

**Ceisteanna:**

**1.** Cathain a scríobh Máire Ní Ghallchóir an litir seo?

| | |
|---|---|
| 24 Aibreán | |
| 18 Bealtaine | |
| 9 Meitheamh | |

**2.** Cá háit a bhfuil Áine Ní Bhroin ina cónaí?

| | |
|---|---|
| Baile Bhlainséir | |
| Mullach Íde | |
| Sord | |

**3.** Cén grád a fuair Áine sa Bhéarla san Ardteist 2004?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**4.** Cá fhad a bheidh an traenáil mar leabharlannaí cúnta?

| | |
|---|---|
| sé mhí | |
| bliain | |
| dhá bhliain | |

**5.** Cén post atá ag Máire Ní Ghallchóir?

| | |
|---|---|
| bainisteoir | |
| leabharlannaí cúnta | |
| príomhleabharlannaí | |

**(b)** Léigh **an Bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

**Tar go Tír Chonaill**

Teach Samhraidh ar Cíos

Lóistín Féinlónadóireachta



Suite dhá mhíle ó Ailt An Chorráin ar imeall Ghaeltacht Dhún na nGall, tá teach saoire nua-thógtha ar fáil don samhradh.

Tá ceithre sheomra codlata ann, trí sheomra folctha, dhá sheomra suite agus cistin den scoth. Tá gach áis sa teach seo. Bheadh an teach seo oiriúnach do chlann mhór nó d'ochtar daoine fásta.

Is iomaí rud atá le déanamh sa cheantar álainn seo. Os comhair an tí tá an fharraige mhór. Má tá suim agat san uisce is féidir dul ag tumadóireacht. Más maith leat siúlóid tá bothar an chósta romhat. Tagann na báid iascaigh isteach chun cuain gach maidin.Téann an bád farantóireachta amach go dtí Árainn Mhór deich n-uaire in aghaidh an lae. Taobh thiar den teach tá sléibhte breátha arda agus i gCarraig na Finne tá aerphort Dhún na nGall. Téann eitilt go Baile Átha Cliath cúig uaire sa lá.

€350 in aghaidh na seachtaine nó €950 in aghaidh na míosa an cíos don teach samhraidh seo. Is féidir an teach seo a chur in áirithe ach éarlais de €200 a sheoladh chugainn.

**Glaoigh orainn ar 074-954207 nó ar 085-536246**

**Ceisteanna:**

**1.** Cá fhad ó Ailt An Chorráin atá an teach seo?

| | |
|---|---|
| Míle amháin | |
| 2 mhíle | |
| 3 mhíle | |

**2.** Tá an teach seo oiriúnach do …..

| | |
|---|---|
| clann bheag | |
| clann mhór | |
| fiche duine fásta | |

**3.** Cad atá taobh thiar den teach seo?

| | |
|---|---|
| báid iascaigh | |
| bád farantóireachta | |
| sléibhte arda | |

**4.** Cén áit a bhfuil Aerphort Dhún na nGall?

| | |
|---|---|
| Ailt An Chorráin | |
| Árainn Mhór | |
| Carraig na Finne | |

**5.** Cé mhéad a chosnaíonn an teach seo in aghaidh na míosa?

| | |
|---|---|
| € 200 | |
| € 350 | |
| € 950 | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Timpiste Tráchta



Tharla timpiste aréir idir dhá charr agus iad ag trasnú an iarnróid lasmuigh de Ros Comaín. Bhí sé ag stealladh báistí ag an am. Tá an bóthar an-chúng ag an gcrosaire. Níor ghéill ceachtar den bheirt thiománaí agus bhuail na cairr díreach i gcoinne a chéile.

Gortaíodh an chéad tiománaí, bean as Sligeach, sna cosa agus ní raibh sí in ann éalú as an gcarr. As Liatroim don tiománaí eile agus, cé go raibh an fear seo gortaithe san aghaidh, d'éirigh leis teacht amach as a charr. Theastaigh uaidh glaoch ar otharcharr ach bhí a theileafón so-ghluaiste ar iarraidh sa dorchadas. Bhí an bhean sa charr eile gan aithne gan urlabhra. Ansin smaoinigh an fear air go raibh baol ann go dtiocfadh traein ina dtreo. Bhain sé de a chóta agus shiúil sé leathmhíle suas an líne.

Bhí an ceart aige. Bhí an traein ó Áth Luain go Cathair na Mart ag druidim leo. Nuair a chonaic tiománaí na traenach an fear ar an líne theann sé na coscáin agus stop an traein cúpla slat ón gcrosaire. Bhí an t-ádh ceart ar an mbean ghortaithe. Tugadh go dtí Ospidéal Ros Comáin iad, áit ar cuireadh cóir leighis orthu. Tá an bhean san ospidéal fós ach deirtear nach bhfuil sí gortaithe go dona.

**Ceisteanna:**

**1.** Cár tharla an timpiste seo?

| | |
|---|---|
| Liatroim | |
| Ros Comáin | |
| Sligeach | |

**2.** Conas a bhí an aimsir ag an am?

| | |
|---|---|
| fliuch | |
| gaofar | |
| tirim | |

**3.** Cá raibh an teileafón so-ghluaiste?

| | |
|---|---|
| ar an traein | |
| ar iarraidh | |
| ar an iarnród | |

**4.** Cá fhad a shiúil an fear?

| | |
|---|---|
| cúpla slat | |
| leathmhíle | |
| cúpla míle | |

**5.** Cá bhfuil an bhean anois?

| | |
|---|---|
| sa charr | |
| sa bhaile | |
| san ospidéal | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# An Asgard II





Má théann tú go Port Láirge i mí Iúil feicfidh tú iontas na n-iontas. Is anseo a bhaileoidh níos mó ná céad long seoil ó chian is ó chóngar le chéile. Beidh an comórtas idirnáisiúnta seoil bliaintiúil ag tosú i gcuan Phort Láirge i mbliana. Sa bhliain naoi déag nócha a haon tháinig na longa céanna ar cuairt go cuan Chorcaí agus sa bhliain naoi déag nócha a hocht bhí siad i mBaile Átha Claith agus i mBéal Feirste ar feadh ceithre lá.

I measc na long ioldaite seo beidh an brigaintín *Asgard II*, long seoil Éireannach. Bíonn cúigear mar chriú seasamhach ar an *Asgard* agus do gach turas tógann siad fiche duine óg ar bord leo ar chúrsa traenála. De ghnáth, caitheann siad seachtain ar bord faoi thraenáil. Foghlaimíonn siad go tapaidh. An tasc is deacra ar bord ná dreapadh go barr an chrainn seoil agus an *Asgard* amuigh ar an bhfarraige. Scanraíonn sé seo na daoine óga ach ní theipeann orthu riamh an beart seo a dhéanamh. Foghlaimíonn siad conas na seolta a scaoileadh agus a chrochadh, conas téada a cheangal agus conas béilí a ullmhú ar bord.

Tógadh an *Asgard* II sa bhliain 1981. Gach bliain caitheann na céadta daoine óga seachtain ar bord ag seoladh timpeall na hÉireann. Baineann siad an-taitneamh as an turas. Is iomaí uair a fheiceann siad míolta móra agus iad amuigh ar an bhfarraige ag luascadh anonn agus anall.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit a mbaileoidh na longa seoil le chéile i mí Iúil?

| | |
|---|---|
| Corcaigh | |
| Port Láirge | |
| Béal Feirste | |

**2.** Cén bhliain ar thug na longa seoil cuairt ar Bhaile Átha Cliath?

| | |
|---|---|
| 1981 | |
| 1991 | |
| 1998 | |

**3.** Cé mhéad duine atá mar chriú seasamhach ar *Asgard II*?

| | |
|---|---|
| cúigear | |
| seachtar | |
| fiche | |

**4.** Cad é an tasc is deacra ar bord *Asgard II*?

| | |
|---|---|
| ag luascadh anonn is anall | |
| ag crochadh seolta | |
| ag dreapadh an chrainn seoil | |

**5.** Luaigh rud amháin a fhoghlaimíonn na daoine óga ar bord *Asgard II*?

________________________________________

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Go Barr An Domhain





Sheas an chéad bhean Éireannach ar bharr an domhain i mí na Bealtaine 2004. Ní gan dua a rinne an dochtúir Clare O' Leary as Droichead na Bandan Co. Chorcaí, an éacht seo. Thosaigh sí ag dul suas ar Lá Fhéile Pádraig, i mí Mhárta agus bhain sí mullach Everest amach trí mhí ina dhiadh sin. Cé go raibh fiche dreapadóir san fhoireann ar fad, níor bhain ach seisear an mullach amach. In éineacht le Clare bhí Pat Falvey as Corcaigh agus ceathrar Seirpeach. Ba é seo an dara huair a sheas Pat ar bharr Everest. Bhí sé ann den chéad uair i 1998.

Rinne Clare iarracht dul go mullach Everest sa bhliain 2003 ach d'éirigh sí tinn agus chas sí ar ais agus í beagnach ag an mbarr. Ach sa bliain 2004 bhí an t-ádh léi. Bhí an aimsir go maith agus chaith an grúpa beag seo fiche nóiméad ar bharr an tsléibhe. Rinne Clare glaoch teileafóin abhaile dá tuismitheoirí agus bhuail Pat sliotar ón mullach. Bhí sé iontach fuar. Cé go raibh tuirse an domhain ar Clare bhí bród uirthi. Ba í Clare an chéad bhean a d'iompair bratach na hÉireann go barr an domhain. Níor fhan sí i bhfad ag an mbarr mar bhí turas fada baolach anuas le déanamh aici. Tháinig Clare agus an fhoireann síos slán ach an lá ina dhiaidh sin bhí stoirm ar an sliabh agus maraíodh triúr dreapadóir.

Laistigh de choicís d'fhill Clare agus Pat ar Éirinn agus bhí slua mór bailithe ag Aerphort Chorcaí chun fáilte abhaile a chur rompu. Agus cad a dhéanfaidh an dochtúir cróga seo anois? Tá go leor sléibhte eile ar fud an domhain nár shiúil sí fós!

<u>**Ceisteanna**</u>:

**1.** Cén mhí i 2004 a thosaigh Clare ar an turas go Everest?

| | |
|---|---|
| Bealtaine | |
| Márta | |
| Meitheamh | |

**2.** Cé mhéad duine as an bhfoireann a bhain an barr amach?

| | |
|---|---|
| beirt | |
| cúigear | |
| seisear | |

**3.** Cén fáth ar chas Clare ar ais i 2003?

| | |
|---|---|
| bhí an aimsir go dona | |
| bhí an aimsir go maith | |
| d'éirigh sí tinn | |

**4.** Cén fáth nár fhan Clare i bhfad ar bharr Everest?

| | |
|---|---|
| bhí sé stoirmiúil | |
| bhí turas fada roimpi. | |
| fuair sí glaoch teileafóin | |

**5.** Cén fáth ar bhailigh slua mór ag Aerphort Chorcaí?

________________________________________

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

# An Leipreachán



Maidin mhoch ag bun an phóirse
Chuala glóirín gleoite binn –
Glór mar a dhéanfadh cloigín órga,
Cloigín ceoil na slóite sí.

D'fhéach mé uaim faoi thor cupóige,
Is romham ansiúd is ea bhí ina shuí,
Firín beag is cóitín cróin air,
Bríste glúine is bróga buí.

Dhruid mé leis go héadrom seolta,
Dúil san ór go mór i m'chroí.
Ach nuair a chrom mé chun é a thógáil
Ní raibh romham ach sop beag tuí.

Le Mícheál Ó Donnchadha.

**<u>Ceisteanna</u>:**

**1.** Cad a chuala an file?

| | |
|---|---|
| glór garbh | |
| glór binn | |
| ceol éin | |

**2.** Cén áit ar fhéach an file?

| | |
|---|---|
| sa chupán | |
| faoin stól | |
| faoi thor | |

**3.** Conas a bhí an firín beag gléasta?

___________________________________________

**4.** Cén dúil a bhí i gcroí an fhile?

| | |
|---|---|
| dúil san imirt | |
| dúil san ól | |
| dúil san ór | |

**5.** Cad a rinne an file chun an firín beag a thógáil?

| | |
|---|---|
| chrom sé | |
| rith sé | |
| sheas sé | |


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?




Cad a tharlóidh
don airgead?




Cén áit a mbeidh na
ticéid ar díol?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Nuala ag insint:

| | | |
|---|---|---|
| - Cad a bheidh ar siúl ? Cén áit ? Cén lá ? Cén dáta ? | } | |
| - Cén t-am ? Cén cead isteach ? | } | Pict. 1 |
| - Cén fáth nach raibh tú ábalta glaoch ar Nuala ? | } | Pict. 2 |
| - Gur mhaith leat go rachadh Nuala ann leat. | } | Pict. 3 |
| - Cad a dhéanfaidh sibh ina dhiaidh sin ? | } | Pict. 4 |

**<u>CUIREADH</u>**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Tá tusa ag obair san ollmhargadh seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint :

- Faoin ollstór agus faoin áit a bhfuil an t-ollstór } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú (Trí phointe ag teastáil) } Pict. 2
- Faoi na daoine a thagann isteach san ollstór gach lá } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn lá saor agat } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair i mbialann. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais atá anseo thíos.**
**[ Nóta:** Is tusa Seán Ó Neachtain]

## Bialann Na Mara, Trá Lí.
## Foirm Iarratais

Ainm: *Seán Ó Neachtain* Uimhir theileafóin: …………………………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Dáta Breithe: ………………………………………………… …. Aois: ……………………………………………

Meáchan: …………………………………………………… Airde: ……………………………………………

Cén bhliain a rinne tú Scrúdú na hArdteistiméireachta? …………………………………………………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin: ..…………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Ar oibrigh tú i mbialann roimhe seo? ………………………………………………………………………

An mbeadh tú sásta cúrsa traenála a dhéanamh? …………………………………………………………

An féidir leat obair ag an deireadh seachtaine? ……………………………………………………………

An gcaitheann tú tobac? ……………………………………………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ……………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Cuir ciorcal timpeall ar an dáta i mí Lúnasa is fearr leat le haghaidh agallaimh: Lúnasa : 4ú, 11ú, 18ú.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i mbialann.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Síniú *Seán Ó Neachtain*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair sa Chlub Óige ag An Lá Spóirt. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## LÁ MÓR SPÓIRT SA CHLUB ÓIGE




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú cois trá le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| ag siúlóid | ag titim | gan aithne | héalacaptar |
| bóthar na haille | ag bun na haille | ghlaoigh | shábháil |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

Leathanach Bán

M88A

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ 

| |
|---|
| |

**Iomlán na Marcanna**

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**CLUASTUISCINT (180 marc)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
| **MARC** | | | | | | | | | | | | | |

**STAMPA AN IONAID**

## CLUASTUISCINT - (180 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an téip. Cuir tic leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén áit a bhfuil Sorcha ag obair anois?










**Ceist 1 (b)** Cá dtéann Sorcha ar saoire gach bliain.?

| | |
|---|---|
| An Fhrainc | |
| Luimneach | |
| Co. Mhaigh Eo | |

**Ceist 2 (a)** Cén saghas monarchan atá i gceist?



**Ceist 2 (b)** Cad a dhéanfaidh na táilliúirí don mhargadh Meiriceánach?

| | |
|---|---|
| Bróga | |
| Cultacha | |
| T-léinte | |

**Ceist 3 (a)** Cad a bheidh ar díol ag an gceant?













**Ceist 3 (b)** Cén post atá ag Éamonn Ó Néill?

| | |
|---|---|
| Bainisteoir | |
| Reiceadóir | |
| Tiománaí | |


**Ceist 4** Cá bhfuil an bhean ag dul?









**Ceist 5** Cá bhfuil an siopa crua-earraí? (Cuir tic sa bhosca ceart.)




**Ceist 6 (a)** Conas a bheidh an aimsir amárach?












**Ceist 6 (b)** Cén áit a mbeidh sé compordach amárach?

| | |
|---|---|
| san uisce | |
| sa rás | |
| os comhair na teilifíse | |

**Ceist 7 (a)** Cad a bheidh ar siúl sa scoil oíche Déardaoin?











**Ceist 7 (b)** Cé a bheidh i bhfeighil an chomórtais?

| | |
|---|---|
| daltaí sóisearacha | |
| daltaí ón idirbhliain | |
| daltaí sinsearacha. | |

**Ceist 8 (a)** Cén cluiche a bheidh ar siúl Dé Sathairn seo chugainn?











**Ceist 8 (b)** Cé mhéad imreoir a bheidh ar gach foireann?

| | |
|---|---|
| Triúr | |
| Ceathrar | |
| Seisear | |

**Ceist 9 (a)** Cad a bheidh ar siúl sa Tulach Mhór Dé Domhnaigh seo chugainn?







**Ceist 9 (b)** Cé mhéad post lánaimseartha atá le líonadh?

| | |
|---|---|
| 5 | |
| 20 | |
| 50 | |

**Ceist 10 (a)** Cén áit a bhfuil Máirtín?

| | |
|---|---|
| ar an tsráid. | |
| sa bhaile | |
| ag an amharclann | |

**Ceist 10 (b)** Cén lá ar cheannaigh Síle na ticéid?

| | |
|---|---|
| Dé Luain | |
| Déardaoin | |
| Dé hAoine | |

**Ceist 11 (a)** Cén áit a bhfuil Ciarán ag obair?

| | |
|---|---|
| oifig an phoist | |
| ollstór | |
| óstán | |

**Ceist 11 (b)** Cathain a thosóidh Bairbre ag obair?

| | |
|---|---|
| an tseachtain seo chugainn | |
| amárach | |
| deireadh an tsamhraidh | |

**Ceist 12 (a)** Cén fáth nach raibh Mícheál ag an dioscó aréir?
Bhí sé….

| | |
|---|---|
| ag obair go déanach | |
| ina chodladh | |
| san ospidéal | |

**Ceist 12 (b)** Cén áit a mbeidh an cóisir ar siúl oíche amarach?

| | |
|---|---|
| i nGaillimh | |
| in Inis | |
| i Luimneach | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán